

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta Beartas Teicneolaíocht Faisnéise

Ábhar

Cuid 1.....	2
1. Réamhrá.....	2
2. Ríomhphost – Rialacha Ginearálta	3
3. Vírís	4
4. Saincheisteanna Dlí	4
4.1 Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003.....	4
4.2. Seasamh Dlí Ríomhphoist.....	4
4.3. An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003.....	5
5. Dea-chleachtas i Seirbhísí Ríomhphoist a Úsáid	5
6. Nósanna Imeachta Scagtha	5
Cuid 2.....	6
8. Rialacha Ginearálta Idirlín (Brabhsáil Gréasáin)	6
9. Pornagrafaíocht.....	7
Aguisín 1.....	8
Ríomhphost - Treoirínte Dea-chleachtais.....	8
1. Do bhosca ríomhphoist a bhainistiú	8
2. Cúntóir Amuigh as Oifig a Úsáid	8
3. Pasfhocail.....	8
4. Do ríomhaire a chosaint nuair nach bhfuil sé in úsáid agat	8
5. Freagra ar ríomhphoist.....	8
6. Brú ar an gcóras ríomhphoist a sheachaint.....	8

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta Beartas Teicneolaíocht Faisnéise

Cuid 1

1. Réamhrá

Baineann An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta an-úsáid as ríomhphost, laistigh den oifig féin agus le daoine lasmuigh den Oifig. Cé gur córas éifeachtach, sciobtha cumarsáide é, d'fhéadfadh contúirt nó priacail shuntasacha a bheith ag baint leis freisin.

Tá an Beartas seo ann chun cur síos a dhéanamh go soiléir agus go simplí ar na rioscaí a bhaineann le ríomhphost agus an t-idirlíon a úsáid agus ar na coinníollacha a bhaineann le rochtain agus úsáid ríomhphost agus córais idirlín na hOifige.

Tá feidhm ag an mBeartas seo maidir le gach oifigeach de chuid na Comhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta agus le gach duine eile a úsáideann seirbhísí ríomhphost agus idirlín na hOifige.

Is féidir go leasófar an Beartas seo ó thráth go céile de réir mar a athraíonn imthosca de bharr forbairt saoráidí theicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide agus i gcomhréir le cheanglais oibríochta agus reachtúla.

Is féidir leis an Oifig ríomhphost, saoráidí idirlín nó seirbhísí eile TFC (Teicneolaíocht Fhaisnéise agus Chumarsáide) a tharraingt siar ó úsáideoir tráth ar bith mar gheall ar shárú rialacha an bheartais seo. Anuas air sin, de bharr teacht i bhfeidhm Acht Rialaithe na Státseirbhíse (Leasú) i mí Iúil 2006 agus Cód Disciplíneach na Státseirbhíse, níor mhór a thuiscint go nglactar leis gur mí-iompar tromchúiseach é faoin gCód sin gan cloí leis an mBeartas. Déanfar gníomh smachtaithe faoin gCód, agus de réir na nósanna imeachta atá leagtha síos sa Chód sin, maidir le haon teip an Beartas a chomhlíonadh. D'fhéadfadh réimse bearta smachtaithe a bheith i gceist, ag brath ar nádúr an ghnímh neamh-chomhlíonta.

Má bhíonn aon duine ar an eolas faoi eachtra a bhaineann le neamh-chomhlíonadh an Bheartais, is gá dó nó di é sin a chur in iúl don Phríomhfheidhmeannach COGG.

Táthar ag súil go bhfeidhmeoidh gach úsáideoir le stuaim agus go gairmiúil nuair atá an t-idirlíon á rochtain aige/aici agus ríomhphost nó seirbhísí eile TFC á n-úsáid aige/aici.

Ba chóir aon cheist maidir leis an mBeartas seo a chur ar an mBainisteoir Cumarsáide.

2. Ríomhphost – Rialacha Ginearálta

2.1. Is chun críocha gnó go príomha córas ríomhphoist COGG. Uime sin, is cóir go dtuigfeadh an fhoireann go mbíonn gach teachtaireacht a chruthaítear, a fhaightear agus a choimeádtar ar ríomhairí nó líonra COGG, go dleathach, mar mhaoin ag COGG agus, dá bhrí sin, níor chóir féachaint orthu mar nithe príobháideacha a bhaineann le baill foirne.

Ceadaítear úsáid phearsanta réasúnta corr-uair más rud é:

- a) Nach gcuireann sé seo isteach ar do ghnáth-dhualgais ná ar shlándáil chóras ríomhphoist COGG;
- b) Nach n-úsáidtear na córais chun críocha ghnó phearsanta nó críocha tráchtála eile, lena n-áirítear earraí nó seirbhísí a dhíol ná a cheannach;
- c) Nach sáraítear na toirmisc sa Bheartas seo.

Go ginearálta, meabhraítear don fhoireann, cosúil le hacmhainní eile de chuid COGG seo (an guthán mar shampla), go ndeonaíonn COGG úsáid phearsanta ríomhphoist, go n-íocann COGG an bille lena haghaidh agus nach féidir a úsáid go míchuíosach. Iarrtar ar an bhfoireann, dá bhrí sin, cur chuige réasúnach a bheith acu agus ríomhphost á úsáid acu. Thar aon rud eile, ba chóir don fhoireann an meán seo a úsáid go hionchuí i gcónaí.

2.2. Ní féidir ríomhphost a úsáid go brách:

- Chun aon chríocha neamhdhleathacha;
- Do chiapadh gnéasach agus ciníoch nó ciapadh nó bulaíocht bunaithe ar chlaonadh gnéasach, ar chreideamh, ar stádas teaghlaigh, ar stádas pósta, ar aois, ar bhunús eitneach, mar gur duine den lucht siúil nó duine le míchumas atá faoi chaibidil;
- Chun aon ábhar gáirsiúil, pornagrafaíochta, bagrach, gráiniúil, ciníoch, ciaptha nó aon ábhar eile agóideach a sheoladh nó a fháil;
- Do chaint dhúr, mhaslach, ghránna nó ghráisciúil;
- Chun aon ní a dhéanamh in aon turas a chuirfeadh náire nó amhras ar COGG.
- Chun cóipcheart de chuid COGG nó de chuid tríú páirtí a shárú nó a chuirfeadh i gcontúirt ar aon tslí eile, faisnéis dílseánach, tráchtála nó ghoilliúnach.
- Chun aon víris nó bogearraí mailíseacha a chraobhscaoileadh;
- Chun gnó a fháil ar mhaithe le gnóthú pearsanta nó brabús;
- Chun tuairim phearsanta a léiriú mar thuairim COGG;
- Chun aon chóras ríomhaireachta nó líonra a chur as riocht nó ualach rómhór a chur air.

2.3. Ligean ort gur úsáideoir eile tú:

Níor chóir don fhoireann, in aon imthosca, ligean orthu gur daoine eile iad nuair a bheidh ríomhphost / an t-idirlíon á úsáid acu ná iarracht a dhéanamh an teachtaireacht atá faighte a leasú gan chead roimh ré ón údar.

2.4. Do chéannacht a chur i bhfolach nuair atá ríomhphost á seoladh agat: Níor chóir don fhoireann aon ríomhphost ná cumarsáid leictreonach ar bith eile a sheoladh a chuireann céannacht an tseoltóra i bhfolach nó a deir gur duine éigin eile an seoltóir. Tá faighteoirí comhfhreagras ríomhphost i dteideal teachtaireachtaí bailí a fháil ó dhaoine. Ba chóir an fhoireann a bheith ar an eolas go bhfuil sé in aghaidh rialacha beartais COGG chomh maith le bheith mídhleathach bunús teachtaireachtaí a fhalsú.

2.5. Litreacha Slabhracha:

Níor chóir don fhoireann páirt a ghlacadh i litreacha slabhracha, ná iad a sheoladh ar aghaidh. Tá siad seo ag dul timpeall an-éasca tríd an idirlíon. Cé gur féidir leo a bheith greannmhar, is féidir leo dochar a dhéanamh freisin.

3. Víris

Tá an-chontúirt ann go bhfaighidh córais TFC COGG víris ríomhairí agus is é an ríomhphost an príomhfhoinsé víreas. Mar chéim chosanta in aghaidh na víreas, úsáideann COGG bogearraí speisialta chun gach teachtaireacht ríomhphost agus ceangaltán a scagadh le haghaidh víreas. Toisc go bhféadfadh víris nua a bheith ann, ó thráth go céile, nach bhfuil bogearraí COGG in ann a bhrath, ba chóir don fhoireann a bheith an-aireach nuair atá ceangaltán á n-oscailt, fiú iad siúd ó dhaoine a bhfuil aithne acu orthu. Ba chóir don fhoireann a bheith aireach freisin nuair a thugann siad comhaid ó fhoinsí seachtracha isteach i gcóras ríomhphost na COGG, lena n-áirítear dioscaí ón mbaile. Ní cóir don fhoireann aon cháipéisí/chomhaid nach mbaineann leis an obair a thabhairt isteach ar chórais COGG ar aon tslí.

Caithfidh gach duine den fhoireann a oibríonn ar cháipéisí sa bhaile agus ansin a thugann isteach san oifig ar dhlúthdhioscaí iad, nó ar mheán faisnéise/stórála iniompartha eile e.g. méaróg chuimhne, a chinntiú go bhfuil an seiceálaí víris ar a ríomhairí sa bhaile suas chun dáta. Má tá amhras ar an bhfoireann maidir le víris a bheith ar dhlúthdhioscaí nó ar mhéaróg chuimhne, ba chóir comhairle a ghlacadh ón mBainisteoir Cumarsáide.

4. Saincheisteanna Dí

4.1 Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003

Is eagraíocht í COGG a thagann faoi fhorálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise. Is cineál taifid iad na ríomhphost ar ndóigh agus, dá bhrí sin, tá siad taobh istigh de na téarmaí atá leis na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003. Tá feidhm ag na gnáth-cheanglais i leith na dtaifead seo le taifid leictreonacha eile agus taifid pháipéir scríofa nó clóscríofa.

4.2. Seasamh Dí Ríomhphost

Ba chóir go mbeadh a fhios ag an bhfoireann go bhfuil an stádas dlí céanna ag comhfhreagras ríomhphost agus atá ag cumarsáid trí litir thraidisiúnta. Mar

sin ba chóir don fhoireann a chinntiú go bhfuil an t-údarás cuí acu ó COGG comhfhreagras den sórt sin a dhéanamh.

4.3. An tAcht um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003

Toisc gur féidir le sonraí pearsanta a bheith i ríomhphoist, ba chóir don fhoireann a bheith cúramach faoina ceanglais a théann leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. Ba chóir duit a chinntiú go bhfuil sonraí den sórt sin cruthaithe, úsáidte agus cothaithe i dtimpeallacht shábháilte, go bhfuil sé cruinn agus suas chun dáta agus nach mbeidh sé tugtha go neamhdhleathach d'aon tríú páirtí.

5. Dea-chleachtas i Seirbhísí Ríomhphoist a Úsáid

Chun cabhrú leis an bhfoireann, tá Treoirínte Dea-Chleachtas maidir le seirbhísí ríomhphoist a úsáid le fáil in Aguisín 1.

Baineann roinnt prionsabal tábhachtach le do bhosca ríomhphoist a chosaint:

- **Pasfhocail**

Coimeád gach pasfhocal sábháilte agus ná hinis do dhuine ar bith iad.

- **Do ríomhaire a chosaint nuair nach bhfuil sé in úsáid agat**

Níor chóir go mbeadh cead ag duine ar bith eile do ríomhaire a úsáid ná do ríomhphost a úsáid i ngan fhios duit. Is dea-chleachtas é, go háirithe má bhíonn ábhar mothálach nó ábhar a bhaineann le sábháilteacht ar do ríomhaire, do ríomhaire a chur faoi ghlas le pasfhocal gach uair a fhágann tú do dheasc ar feadh tréimhse ar bith.

Is féidir é seo a dhéanamh trí bhrú ar na cnaipí Ctrl, Alt agus Delete ag an am céanna agus trí “Lock Computer” a roghnú. Laghdaítear an baol go n-úsáidfidh duine eile do ríomhaire, ar mhaithe le cuspóirí nach bhfuil ceadaithe faoin mBeartas seo, má chuireann tú glas ar an mbealach seo ar do ríomhaire agus tú ag fágáil do dheisce

6. Nósanna Imeachta Scagtha

6.1. Úsáidtear cruá-earraí agus bogearraí chun gach ríomhphost isteach agus amach a scagadh go huathoibríoch dóibh seo a leanas:

- víris;
- dramhphost nó ríomhphost gan iarraidh nó míchuí;
- “spamáil” (i.e. dáileadh ollmhór ríomhphoist);
- comhaid inrite (i.e. iad siúd a chríochnaíonn ar .vbs nó .exe);
- comhaid fhíseáin agus scannáin;
- clos-chomhaid; agus
- comhaid ina bhfuil naomhaithisí nó pornagrafaíocht.

Uaireanta is féidir le nósanna imeachta scagtha fairsinge a úsáideann COGG breith ar theachtaireachtaí oifigiúla. Iarrtar ar oifigh na fillteáin thurscair (*Spam*) a scrúdú go tráth rialta.

6.2. Ní léifear ríomhphost aon duine ná ní osclófar a mboscaí ach amháin sa chás go gcreideann an bhainistíocht go bhfuil ábhar a sháraíonn an beartas seo nó atá contúirteach nó gránna i mbosca ríomhphoist áirithe. Teastaíonn údarú roimh ré chun boscaí ríomhphoist a oscailt ar mhaithe le fiosrúchán den sórt sin. Féadfar bosca ríomhphoist, diosca crua, líonra tiomána agus cúltacaí an duine a chuardach freisin in imthosca mar sin.

I gcás go bhfaighidh fiosrúchán go bhfuil ábhar faidhbe ann, tuairisceofar an méid sin don seoltóir, d'eagraíocht an tseoltóra, an ball foirne lena mbaineann agus chun Stiúrthóir na hOifige chun gníomh cuí a dhéanamh. I gcás ina bhfuil víreas nó comhad neamhúdaráithe .exe san ábhar a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh don líonra, féadfar an cuntas a dhúnadh ar an bpointe chun go ndéanfar fiosrúchán breise agus gníomh dá réir.

6.3. Tá imthosca neamhghnácha eile ann ina gcaithfeadh seirbhís tacaíochta ríomhaireachta COGG (Alphagroup) bosca ríomhphoist úsáideora a oscailt nó rochtain a fháil air, i gcás, mar shampla, nach mbeadh úsáideoir in ann rochtain a fháil ar a bhosca nó ar a bosca ríomhphoist nó go gceapfaidís go raibh ríomhphost truailithe agus nárbh fhéidir é a oscailt. Ní dhéanfar é seo ach amháin le cead an úsáideora. Beidh gach rud faoi rún in imthosca den sórt sin.

Cuid 2

8. Rialacha Ginearálta Idirlín (Brabhsáil Gréasáin)

8.1. Ní féidir saoráidí idirlín a úsáid chun críocha nach mbaineann le hobair i rith uaireanta oifigiúla oibre. Mar sin féin, féadfar an saoráidí a úsáid ar chúinsí pearsanta taobh amuigh de na huaireanta seo, ar an gcoinníoll nach gcuirfidh úsáid den sórt sin isteach ar ghnáth-ghníomhaíochtaí gnó COGG, agus nach mbaineann sé le haon ghníomhaíocht ghnó lasmuigh agus go gcomhlíonann sé alt 2.2 den Chód seo.

8.2. Go ginearálta, meabhraítear don fhoireann, gur deonú atá in úsáid phearsanta an idirlín mar aon le hacmhainní eile COGG (cosúil leis an nguthán), go n-íocann COGG as an mbille agus nár cóir mí-úsáid a bhaint as. Ba chóir don fhoireann, dá bhrí sin, cur chuige freagrach a bheith acu agus an t-idirlíon á úsáid acu.

8.3. Tá cosc ar úsáid seomraí comhrá ar an idirlíon nó ar sheirbhísí eile mar iad.

8.4. Ba chóir go mbeadh a fhios ag Úsáideoirí Idirlín:

- Is féidir comhaid chóipcheart (ar nós ailt a bhaineann leis an obair) a íoschóipeáil ach ní féidir iad a dháileadh arís;
- Níor chóir bogearraí cóipcheart a íoschóipeáil go deo;
- Ní féidir íomhánna mapa giotáin a íoschóipeáil ach amháin má bhaineann siad le gnó;
- Ní féidir cluichí idirlín a úsáid ar aon fhearas oifigiúil;

- Ní cheadaítear cluichí a íoschóipeáil d'úsáid phearsanta. Ní cheadaítear ach oiread cluichí a thabhairt isteach ar aon bhealach eile;
- Tá sé mídhleathach dul thairis slándáil líonra ríomhairí na hOifige trí rochtain ar an idirlíon go díreach ó mhóideim nó ar shlí eile. Faightear rochtain ar an idirlíon trí ríomhaire, ceangailte le líonra na hOifige agus ar an mbealach sin trí bhalla cosanta idirlín ceadaithe.

9. Pornagrafaíocht

9.1. Féadfar aon ábhar a mheasfaidh duine ar bith réasúnach a bheith gáirsiúil, chun críocha an bheartais seo, a rangú mar phornagrafaíocht.

9.2. Cion coiriúil é rochtain ar ábhar gnéasach nó maslach nó a sheoladh agus níor chóir don fhoireann go brách aon ábhar den sort sin a rochtain ná a sheoladh.

9.3. Ciapadh gnéasach a bheith in ábhar gnéasach nó maslach a léiriú ar scáileán (lena n-áirítear, sábhálaí scáileáin, cúlghrath agus grafacha cúlra ar do scáileán ach ní an méid sin amháin) nó ábhar den sórt sin a sheoladh ag daoine eile.

9.4. Beidh gníomh smachtúil mar thoradh ar mhainneachtain na rialacha seo a leanúint.

9.5. Tá gach ball den fhoireann faoi réir gach reachtaíochta a rialaíonn úsáid idirlín, lena n-áirítear na forálacha maidir le gáirsiúlacht, pornagrafaíocht leanaí, ceannairc agus fuath a spreagadh. Go háirithe, tá oibleagáidí ag an Roinn faoin Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí 1997 in Éirinn, gan chead aon cheann dá córais (ríomhphost, idirlíon etc.) a úsáid chun ábhar maslach a íoschóipeáil nó a dháileadh.

Aguisín 1

Ríomhphost - Treoirlínte Dea-chleachtais

1. Do bhosca Ríomhphoist a Bhainistiú

Mar chás cóirithe agus chun cabhrú le bainistiú éifeachtach ar do chomhfhreagras ríomhphoist, moltar aire a thabhairt don bhosca ríomhphoist go rialta trí theachtaireachtaí a scríosadh nach bhfuil gníomh de dhíth orthu nó trí theachtaireachtaí a shábháil i gcomhaid phearsanta agus i gcomhaid pháipéir sa chaoi is go mbeidh tú in ann súil cheart a choinneáil ar chomhfhreagras ag teacht isteach. Ba chóir go mbeadh a fhios ag an bhfoireann go bhfuil méid na mboscaí ríomhphoist teoranta.

2. Cúntóir Amuigh as Oifig a Úsáid

Nuair is féidir, seiceáil do ríomhphost gach lá. Mura féidir é sin a dhéanamh (i gcás, mar shampla go bhfuil oifigeach as láthair ar ghnó ar feadh tréimhse), ba chóir d'úsáideoirí an "Cúntóir Amuigh as Oifig" a úsáid i *Microsoft Outlook* agus/nó a ríomhphoist a sheoladh ar aghaidh ag úsáideoir eile trí rialacha leagtha síos a thabhairt don phost isteach le leanúint.

3. Pasfhocail

Coimeád gach pasfhocal sábháilte agus ná hiniis do dhuine ar bith iad.

4. Do ríomhaire a chosaint nuair nach bhfuil sé in úsáid agat

Níor chóir go mbeadh cead ag aon duine eile do chuntas ríomhphoist a úsáid. Níor chóir go mbeadh cead ag aon duine eile do ríomhaire a úsáid gan fios a bheith agatsa air. Dea-chleachtas atá ann mar sin, go háirithe má tá ábhar mothálach nó ábhar a bhaineann le slándáil ar do ríomhaire, glas agus pasfhocal a chur ar do ríomhaire gach uair a fhágann tú do dheasc.

Is féidir é seo a dhéanamh trí bhrú ar na cnaipí Ctrl, Alt agus Delete ag an am céanna agus trí "Lock Computer" a roghnú.

Laghdaítear an baol go n-úsáidfídh duine eile do ríomhaire, ar mhaithe le cuspóirí nach bhfuil ceadaithe faoin mBeartas seo, má chuireann tú glas ar an mbealach seo ar do ríomhaire agus tú ag fágáil do dheisce.

5. Freagra ar ríomhphoist

Dea-chleachtas atá ann freagra sciobtha a thabhairt ar gach ríomhphost a dteastaíonn freagra orthu. Nuair nach féidir freagra sciobtha sonraithe a thabhairt, ba chóir ríomhphost gairid a sheoladh ag rá go bhfuil an teachtaireacht faighte agus a rá cén uair a mbeidh freagra sonraithe seolta.

6. Brú ar an gcóras ríomhphoist a sheachaint

Ba chóir don fhoireann iarracht a dhéanamh gan brú a chur ar an ríomhphost e.g. trí stop a chur le ríomhphoist a chur chucu siúd nach dteastaíonn uathu iad a fheiceáil.